



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2023
(OR. en)

15748/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0428(NLE)**

**ECOFIN 1236
FIN 1198
UEM 391**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 747 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12319/2021; ST 12319/2021 ADD 1) an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 747 final.

Faoi iamh: COM(2023) 747 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2023
COM(2023) 747 final

2023/0428 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12319/2021; ST 12319/2021 ADD
1) an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean
téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine**

{SWD(2023) 382 final}

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12319/2021; ST 12319/2021 ADD 1) an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Rómáin plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('PTA') a chur isteach an 31 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021² (an 'Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle').
- (2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022 chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
- (3) An 8 Meán Fómhair 2023 chuir an Rómáin plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.
- (4) Cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall go páirteach ar imthosca oibiachtúla. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Rómáin isteach, baineann siad le 56 bheart.

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

² ST 12319/2021; ST 12319/2021 ADD 1.

- (5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Rómáine i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle go saothródh an Rómáin beartais fhioscacha i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh rialtais iomarcach sa Rómáin faoi 2024, agus chun seasamh seachtrach na Rómáine a neartú. Mhol an Chomhairle don Rómáin freisin gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh atá i bhfeidhm a fhoirceannadh, agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, mhol an Chomhairle don Rómáin a áirithiú go ndírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go físcach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle don Rómáin infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, agus a áirithiú go ndéantar deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais a ionsú go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. Mhol sí freisin rialachas éifeachtach a áirithiú agus an acmhainneacht riaracháin a neartú chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras agus go seasta agus dul ar aghaidh le cur chun feidhme tapa an bheartais chomhtháthaithe. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Rómáin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus dlús a chur leis an aistriú fuinnimh, go háirithe trí fhuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid níos tapúla agus trí acmhainneacht eangaí a fheabhsú chun go mbeidh acmhainneacht nua in ann oibriú sa mhargadh agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus uailmhian na n-iarrachtaí athchóirithe foirgneamh a mhéadú, lena n-áirítear trí rochtain níos fearr a sholáthar ar fhaisnéis agus ar roghanna airgeadais inbhuanaithe. Ar deireadh, mhol sí don Rómáin dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú.
- (6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile rannpháirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplan téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán 2021/241

- (7) Leis an bplan téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Rómáin isteach tugtar ocht mbeart cothrom le dáta chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Rómáin toisc gur laghdaigh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 14 244 851 992³ go EUR 12 125 664 294⁴, go

³ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Rómáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

ndearnadh roinnt infheistíochtaí a mhodhnú, a aistriú nó go ndearnadh laghdú EUR 2 119 187 698 ar an leibhéal cur chun feidhme ba gá i gcomparáid leis an bplean bunaidh, méid a chomhfhreagraíonn don laghdú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais.

- (8) Baineann na modhnuithe sin le bearta faoi chomhpháirteanna C2 — Cosaint foraoisí agus bithéagsúlachta, C4 — Iompar inbhuanaithe, C6 — Fuinneamh, C7 — An claochlú digiteach, C10 — Ciste áitiúil, C12 — Cúram sláinte, agus C15 — Oideachas. Go háirithe, rinneadh spriocanna 25 agus 26 in infheistíocht C2.I1 — Feachtas náisiúnta foraoisithe agus athfhoraoisithe, lena n-áirítear foraoisí uirbeacha — a laghdú i ndáil leis an leibhéal cur chun feidhme is gá; garspriocanna 72 agus 73, agus spriocanna 74 agus 75 d'infheistíocht C4.I1 — Bonneagar na n-iarannróid a nuachóiriú agus a athnuachan – rinneadh iad a mhodhnú; sprioc 173 d'infheistíocht C7.I8 — Cárta aitheantais leictreonach cáilithe agus síniú digiteach — rinneadh í a laghdú i ndáil leis an leibhéal cur chun feidhme is gá agus modhnaíodh sprioc 174 chun ábhar nuashonraithe an bhirt a léiriú; spriocanna 302, 305 agus 306, agus garsprioc 304, d'infheistíocht C10.I1 — Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe — baineadh iad agus laghdaíodh sprioc 303 maidir leis an leibhéal cur chun feidhme is gá; spriocanna 367 agus 372 d'infheistíocht C12.I1 — Bonneagar leighis réamh-ospidéil a fhorbairt — laghdaíodh iad i ndáil leis an leibhéal cur chun feidhme is gá; sprioc 377 d'infheistíocht C12.I2 — Bonneagar ospidéil phoiblí a fhorbairt — laghdaíodh í i ndáil leis an leibhéal cur chun feidhme is gá; garsprioc 458 agus sprioc 459 in infheistíocht C15.I2 — 412 sheirbhís chomhlántacha a shocrú, a fheistiú agus a chur i ngníomh do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste — laghdaíodh iad i ndáil leis an leibhéal cur chun feidhme is gá.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241

- (9) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Rómáin isteach mar gheall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 48 bheart.
- (10) Mhínigh an Rómáin go bhfuil 16 bheart ann nach féidir a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh laistigh den amlíne a beartaíodh sa RRP bunaidh mar gheall ar shrianta ar an slabhra soláthair, in éineacht le boilsciú ard i gcásanna áirithe. Baineann siad sin, faoi seach, le spriocanna 5, 6, 7, agus 8 d'infheistíocht C1.I1 – Leathnú córas uisce agus séarachais i gceirtleáin ar mó ná 2 000 coibhéis daonra iad, ar tugadh tosaíocht dóibh sa Phlean Luathaithe maidir le Comhlíonadh Treoracha Eorpacha; spriocanna 11 agus 12 d'infheistíocht C1.I2 — Fuíolluisce a bhailiú i gceirtleáin ar lú 2 000 coibhéis daonra agus a chuireann cosc ar dhea-stádas dobharlach a bhaint amach agus/nó a dhéanann difear do limistéir nádúrtha faoi chosaint; sprioc 13 d'infheistíocht C1.I3 — Tacú le nasc an daonra ísealioncaim le líonraí uisce agus séarachais atá ann cheana; spriocanna 14, 15, 17 agus garsprioc 16 d'infheistíocht C1.I4 — Oiriúnú don athrú aeráide trí uathoibriú agus digiteáil a dhéanamh ar threalamh diúscartha uisce agus stórála na genuasach atá ann cheana chun sreabhadh éiceolaíoch a áirithiú agus slándáil an tsoláthair uisce don daonra a mhéadú agus an riosca do thuilte a laghdú, faoi chomhpháirt C1 — Bainistíocht uisce; sprioc 58 d'infheistíocht C3.I3b — Trealamh aercháilíochta, radaighníomhaíochta agus monatóireachta torainn don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Chaomhnú Comhshaoil, faoi chomhchuid C3 — Bainistiú dramhaíola; garspriocanna 95 agus 96, agus spriocanna 101, 102, 103, 104,

⁴

Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Rómáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

105 agus 106 d'infheistíocht C5.I1 — Ciste don rabharta athchóiriúcháin a bhunú chun oibreacha a mhaoiniú chun éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh atá ann cheana a fheabhsú, faoi chomhchuid C5 — An rabharta athchóirithe; garspriocanna 129 agus 130, agus spriocanna 131 agus 132 d'infheistíocht C6.I2 — Bonneagar dáileacháin gás in-athnuaite (lena n-úsáidtear gás nádúrtha i gcomhcheangal le hidrigin ghlas mar bheart idirthréimhseach), agus acmhainneachtaí táirgthe hidrigine glaise agus/nó a úsáid chun leictreachas a stóráil, faoi chomhpháirt C6 — Fuinneamh; spriocanna 295 agus 296 d'infheistíocht C10.I1 — Soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe; spriocanna 318 agus 319 d'infheistíocht C10.I2 — Tógáil tithíochta don óige agus do ghairmithe i réimse na sláinte agus an oideachais; spriocanna 321 agus 322 d'infheistíocht C10.I3 — Athshlánú ar fhoirgnimh phoiblí a mhodhnú chun feabhas a chur ar sholáthar na seirbhíse poiblí ag aonaid chríochacha riaracháin; spriocanna 324 agus 325 d'infheistíocht C10.I4 — Forbairt/nuashonrú i bhformáid GIS ar phleanáil spásúlachta agus doiciméid pleanála uirbí, faoi chomhchuid C10 — Ciste áitiúil; garsprioc 336 agus sprioc 337 d'infheistíocht C11.I2 — Músaeim agus cuimhneacháin a nuachóiriú/a chruthú; garsprioc 340 d'athchóiriú C11.R2 — Creat le haghaidh bealaí rothaíochta a oibríochtú ar an leibhéal náisiúnta; garsprioc 342 agus sprioc 343 d'infheistíocht C11.I4 — 3 000 km de bhealaí rothaíochta a chur chun feidhme, faoi chomhchuid C11 — Turasóireacht agus cultúr; spriocanna 486, 487 agus 488 d'infheistíocht C15.I10 — Líonra na scoileanna glasa a fhorbairt agus mionbhusanna glasa a cheannach; spriocanna 503, 504, 505 agus 506 d'infheistíocht C15.I17 — Bonneagar ollscoile a áirithiú (bailte, ceantíní, saoráidí áineasa), faoi chomhpháirt C15 — Oideachas. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin síneadh ama a chur leis an amlíne chun na bearta sin a chur chun feidhme agus laghdú a dhéanamh ar an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le cuid de na garspriocanna agus de na spriocanna comhfhreagracha. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (11) Mhínigh an Rómáin go bhfuil seacht mbeart ann nach féidir a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh i ngeall ar shrianta ó thaobh an tsoláthair de, amhail moilleanna gan choinne maidir leis na nósanna imeachta tairisceana a thabhairt chun críche nó éileamh neamhleordhóthanach. Baineann siad seo le: sprioc 18 d'infheistíocht C1.I5 — Dearlaic iomchuí riaracháin abhantracha le haghaidh faireachán ar thuilte, cosc agus freagairt éigeandála, faoi chomhchuid C1 — Bainistiú uisce; sprioc 39 d'infheistíocht C2.I4 — Infheistíochtaí comhtháite le haghaidh atógáil éiceolaíoch gnáthóg agus caomhnú speiceas a bhaineann le móinéir, limistéir uisceacha agus limistéir atá spleách ar uisce, faoi chomhchuid C2 — Foraoisí agus cosaint na bithéagsúlachta; garspriocanna 135 agus 136 agus spriocanna 137, 138 agus 139 de C6.I4 — An slabhra tionsclaíoch táirgthe agus/nó cóimeáil agus/nó athchúrsáil ceallraí, ceall agus painéal fótvoltach (lena n-áirítear trealamh cúnta), agus acmhainneachtaí stórála leictreachais nua, agus sprioc 141 d'infheistíocht C6.I5 — Éifeachtúlacht fuinnimh a áirithiú san earnáil thionsclaíoch, faoi chomhchuid C6 — Fuinneamh; garsprioc 334 agus sprioc 335 d'infheistíocht C11.I1 — 12 bhealach turasóireachta/cultúrtha a chur chun cinn, faoi chomhchuid C11 — Turasóireacht agus cultúr; spriocanna 466 agus 467 d'infheistíocht C15.I4 — Tacú le institiúidí oideachais a bhfuil baol mór luathfhágála ag baint leo agus sprioc 482 d'infheistíocht C15.I9 — Trealamh agus acmhainní teicneolaíochta digití a chinntiú do scoileanna, faoi chomhpháirt C15 — Oideachas. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le garspriocanna agus spriocanna comhfhreagracha na mbeart sin a laghdú, roinnt spriocanna idirmheánacha a bhaint, nó an tuairisc ar na

bearta a mhodhnú agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (12) Mhínigh an Rómáin go ndearnadh 21 bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun bun-uailmhian an bhirt a bhaint amach. Baineann siad seo le: garsprioc 41 d'infheistíocht C2.I5 — Córais chomhtháite maolaithe riosca tuilte in abhantracha foraoise, faoi chomhchuid C2 — Foraoisí agus cosaint na bithéagsúlachta; garsprioc 45 d'athchóiriú C3.R1 — Rialachas bainistithe dramhaíola a fheabhsú chun dlús a chur leis an aistriú chuig an ngeilleagar ciorclach; spriocanna 48, 49, 52 agus 53 d'infheistíocht C3.I1 — Córais chomhtháite bainistithe dramhaíola cathrach a fhorbairt, a nuachóiriú agus a chur i gcrích ar leibhéal an chontae nó ar leibhéal na cathrach/an bhardais faoi chomhchuid C3 — Bainistiú dramhaíola; garspriocanna 59, 60 agus 66, agus sprioc 64 maidir le hathchóiriú C4.R1 — Iompar inbhuanaithe, dícharbónú agus sábháilteacht ar bhóithre; garspriocanna 86 agus 87 agus spriocanna 88 agus 89 d'infheistíocht C4.I4 — An ghréasáin iompair faoi thalamh i mbardais Bhúcairist agus Cluj-Napoca a fhorbairt, faoi chomhchuid C4 — Iompar inbhuanaithe; garsprioc 167 d'infheistíocht C7.I5 — Digiteáil i réimse an chomhshaoil faoi chomhchuid C7 — An claochlú digiteach; garsprioc 209 d'athchóiriú C8.R5 — An Banc Forbartha Náisiúnta a bhunú agus a oibriochtú; garsprioc 214 den athchóiriú C8.R6 — Córas na bpinsean poiblí a athchóiriú; agus garsprioc 231 agus sprioc 232 d'infheistíocht C8.I4 — Córas custaim leictreonach a chur chun feidhme, faoi chomhchuid C8 — Athchóirithe cánach agus pinsean; garsprioc 246 d'infheistíocht C9.I1 — Ardáin dhigiteacha maidir le trédhearcacht reachtach, dí-mhaorlathú agus simpliú nós imeachta do ghnólaigh; spriocanna 267 agus 269 d'infheistíocht C9.I4 — Tionscadail trasteorann agus iltíre — Próiseálaithe Ísealchumhachta agus Sliseanna Leathsheoltóra; sprioc 283 d'infheistíocht C9.I7 — Barr feabhais a neartú agus tacú le rannpháirtíocht na Rómáine i gcomhpháirtíochtaí agus i misin in Fís Eorpach, faoi chomhchuid C9 — Tacaíocht ghnó, taighde, forbairt agus nuálaíocht; garsprioc 420 d'athchóiriú C14.R4 — Córas pá aonadach cothrom a fhorbairt san earnáil phoiblí, faoi chomhchuid C14 — Dea-rialachas; garsprioc 452 d'athchóiriú C15.R1 — An pacáiste reachtach a mhionsaothrú agus a ghlacadh chun an tionscadal 'An Rómáin Oilte' a chur chun feidhme; sprioc 457 d'infheistíocht C15.I1 — 110 náiolann a thógáil, a threallmhú agus a oibriochtú; garsprioc 479 d'athchóiriú C15.R5 — Creat reachtach a ghlacadh chun an t-oideachas a dhigitiú; garspriocanna 489 agus 490 agus spriocanna 491 agus 492 d'infheistíocht C15.I11 — Saoráidí a sholáthar do sheomraí ranga réamhollscoile agus do shaotharlanna/ceardlanna scoile; garsprioc 495 d'athchóiriú C15.R7 — Athchóiriú ar rialachas an chórais oideachais réamhollscoile agus gairmiúlú na bainistíochta; garsprioc 498 d'infheistíocht C15.I15 — Scoil ar líne: Ardán measúnaithe agus forbairt ineachair; garsprioc 501 d'infheistíocht C15.I16 — Digiteáil ollscoileanna agus a n-ullmhúchán do ghairmeacha digiteacha na todhchaí; agus sprioc 507 d'infheistíocht C15.I18 — Clár oiliúna agus cóitseála le haghaidh bainisteoirí scoile agus cigirí, faoi chomhpháirt C15 — Oideachas. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin go leasófaí an tuairisc ar na bearta agus ar na garspriocanna agus na spriocanna comhfhreagracha agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (13) Mhínigh an Rómáin go bhfuil bearta amháin ann nach féidir a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh laistigh den amlíne a bhí beartaithe ar dtús nó go bhfuil moill ar an mbearta sin agus go bhfuil gá le hathruithe chun comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil leasaithe a áirithiú. Baineann sé sin le: garsprioc 349 agus sprioc 350 d'infheistíocht C11.I7 — Dlús a chur le digiteáil scannán a léiriú agus a dháileadh, faoi chomhchuid C11 —

Turasóireacht agus cultúr. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin síneadh ama a chur leis an amlíne chun na bearta sin a chur chun feidhme nó go leasófaí an tuairisc ar na beart agus ar na garspriocanna agus na spriocanna comhfhreagracha agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (14) Mhínigh an Rómáin go bhfuil dhá bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh laistigh d'amlíne agus de chostais mheasta an RRP bunaidh mar gheall ar easpa éilimh mar thoradh ar bhoilsciú ard, agus an comhthéacs eacnamaíoch neamhchinnte a spreag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Baineann siad seo le: sprioc 285 d'infheistíocht C9.I9 — Tacaíocht do shealbhóirí deimhnithe barr feabhais a fuarthas i nGradam Chomhaltachta Aonair Marie Skłodowska Curie, faoi chomhchuid C9 — Tacaíocht ghnó, taighde, forbairt agus nuálaíocht; sprioc 330 d'athchóiriú C11.R1 — Oibríochtú Eagraíochtaí Margaíochta Ceann Scribe (DMOnna), faoi chomhchuid C11 — Turasóireacht agus cultúr. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin síneadh ama a chur leis an amlíne chun na bearta sin a chur chun feidhme, chun an tuairisc ar na bearta a leasú agus chun na garspriocanna agus na spriocanna comhfhreagracha a laghdú agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (15) Mhínigh an Rómáin go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh mar gheall ar dhálaí neamhfhabhracha sa mhargadh fuinnimh tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chun cinnteacht an tsoláthair leictreachais a áirithiú agus na forálacha sa Dlí Dícharbónaithe a measúnaíodh faoi garsprioc 113 i gcomhthéacs an dara hiarraidh ar íocaíocht á gcur san áireamh. Baineann sé sin le spriocanna 115 agus 119 d'athchóiriú C6.R1 — Athchóiriú ar an margadh leictreachais, ionadú guail sa mheascán fuinnimh agus tacaíocht do chreat reachtach agus rialála le haghaidh infheistíocht phríobháideach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite, faoi chomhchuid C6 — Fuinneamh. Ar an mbonn sin, d'iarr an Rómáin go leasófaí an tuairisc ar an mbeart agus ar na spriocanna comhfhreagracha agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (16) Ina theannta sin, d'iarr an Rómáin úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí bhearta a bhaint nó a laghdú faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, ar mhéid iomlán EUR 577 082 830, chun dhá bheart nua faoi chomhchuid 16 — REPowerEU a chur san áireamh: infheistíocht C16. I6 — Treoirthionscadal chun painéil ghréine ar snámh 20 MW a shuiteáil ar chanálacha uiscithe; agus infheistíocht C16.I7 — Scéim Dearbhán Deontais chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh teaghlaigh.
- (17) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Rómáin, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

- (18) Sainaithníodh 17 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do 17 ngarsprioc agus sprioc agus do 16 bheart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 31 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Rómáin. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an méid seo a leanas: sprioc 55 d'infheistíocht C3.I2 — Forbairt bonneagair le haghaidh aoiligh agus bainistiú dramhaíola talmhaíochta inmhúirínithe eile, faoi chomhchuid C3 — Bainistiú dramhaíola; garsprioc 79 d'athchóiriú C4.R2 — Bainistiú cáilíochta feidhmíochtbhunaithe san iompar — Cumas institiúideach agus rialachas

corparáideach a fheabhsú, faoi chomhchuid C4 — Iompar inbhuanaithe; sprioc 134 d'infheistíocht C6.I3 — Comhghiniúint sholúbtha ardéifeachtúil teasa agus cumhachta gásadhainte (CHP) i dtéamh ceantair a fhorbairt chun dícharbónú domhain a bhaint amach, faoi chomhchuid 6 — Fuinneamh; garspriocanna 164 agus 166 d'infheistíocht C7.I4 — Digiteáil na mbreithiúna, garsprioc 167 d'infheistíocht C7.I5 — Digiteáil i réimse an chomhshaoil, agus sprioc 185 d'infheistíocht C7.I16 — Ardchlár oiliúna i scileanna digiteacha do státseirbhísigh, faoi chomhchuid 7 — An claochlú digiteach; garsprioc 217 d'infheistíocht C8.I1 — Comhlíonadh cáiníocóirí a éascú trí sheirbhísí digiteacha a fhorbairt, agus garsprioc 226a d'infheistíocht C8.I2 — Próisis cánach agus riaracháin cánach a fheabhsú, lena n-áirítear trí bhainistiú comhtháite riosca a chur chun feidhme, faoi chomhchuid 8 — Athchóirithe cánach agus pinsean; garsprioc 241 d'athchóiriú C9.R1 — Trédhearcacht reachtach, dí-mhaorlathú agus nós imeachta a shimpliú le haghaidh gnó agus garsprioc 256 d'infheistíocht C9.I2 — Ionstraimí airgeadais don earnáil phríobháideach, faoi chomhchuid 9 — Tacaíocht ghnó, taighde, forbairt agus nuálaíocht; garsprioc 317 d'infheistíocht C10.I2 — Tógáil tithíochta don óige agus do ghairmithe i réimse na sláinte agus an oideachais; garsprioc 328 d'athchóiriú C11.R1 — Oibríochtú Eagraíochtaí Margaíochta Ceann Scribe (DMOanna), faoi chomhchuid C11 — Turasóireacht agus cultúr. garsprioc 384 d'athchóiriú C13.R3 — Cur chun feidhme an tIoncam Íosta Cuimsithe (VMI), faoi chomhchuid 13 — Athchóirithe sóisialta; garsprioc 439 d'athchóiriú C14.R9 — Feabhas a chur ar an gcreat nós imeachta chun prionsabail an rialachais chorparáidigh a chur chun feidhme i bhfiontair faoi úinéireacht stáit, faoi chomhchuid 14 — Dea-rialachas; sprioc 474 d'infheistíocht C15.I6 – 10 gcuibhreannas réigiúnacha a fhorbairt agus 10 gcampas gairme a fhorbairt agus a fheistiú; sprioc 497 d'infheistíocht C15.I14 — Ceardlanna cleachtais i scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna a fheistiú, faoi chomhchuid 15 — Oideachas. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241

- (19) I gcaibidil REPowerEU áirítear dhá athchóiriú agus seacht n-infheistíocht. Meastar go mbeidh tionchar buan ag caibidil REPowerEU na Rómáine ar ídiú breosla iontaise agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus ar ghlacadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú, rud a chuirfidh le leochaileachtaí a laghdú le linn shéasúr an gheimhridh.
- (20) Áirítear sa chaibidil athchóiriú tábhachtach lena ndírítear ar shainathint réimsí luasghéaraithe a éascú, rud a mheastar a chuirfidh borradh faoi ghléasraí nua fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil. Comhlánaítear an t-athchóiriú sin le dhá infheistíocht atá dírithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid. Ceann acu, infheistíocht C6.I1 — Acmhainneachtaí nua chun leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite, faoi chomhchuid 6 — Fuinneamh, aistríodh é chuig caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c(2) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (21) Áirítear sa phlean freisin athchóiriú chun oifigí ionaid ilfhreastail a bhunú, oifigí a bheidh dírithe ar fhaisnéis agus cúnamh a chur ar fáil do dhaoine príobháideacha maidir le suiteálacha fuinnimh in-athnuaite agus athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh, agus é sin ina chéad chéim chun aghaidh a thabhairt orthu siúd a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus ar thomhaltóirí leochaileacha fuinnimh. Comhlánaítear an t-athchóiriú sin le hinfeistíocht atá dírithe ar ghrianfhuinneamh ar dhíonta a chur in úsáid ar fhoirgnimh chónaithe agus le dhá infheistíocht chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú sa tír trí athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí agus ar theaghaisí príobháideacha faoi seach. Leis an infheistíocht sin in athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh teaghaisí príobháideacha, tugtar tús áite do

theaghligh atá bocht ó thaobh fuinnimh de agus do thomhaltóirí fuinnimh leochaileacha, agus ar an gcaoi sin tugtar aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh. Is éard atá san infheistíocht scéim dearbhán deontais lena gcumhdaítear athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh agus suiteáil grianphainéal ar dhíonta araon. Faigheann na tairbhíthe cúnamh spriocdhíríthe ó na hionaid ilfhreastail a bunaíodh faoi athchóiriú.

- (22) Áirítear sa chaibidil REPowerEU freisin infheistíocht chun cothabháil, éifeachtúlacht agus cibearshlándaíl an líonra tarchurtha leictreachais a fheabhsú, nascadh gléasraí nua in-athnuaite a éascú agus athléimneacht agus iontaofacht an bhonneagair a áirithiú ar bhealach níos fearr.
- (23) Áirítear sa chaibidil REPowerEU freisin infheistíocht lena gcuirfear oiliúint ar fáil d'oibrithe maidir le scileanna fuinnimh ghlais.
- (24) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

- (25) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.1, a ghabhann leis, is é atá sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A) freagairt chuimsitheach chuí-chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.
- (26) Ní bhíonn tionchar ag an RRP modhnaithe, mar aon leis an gcaibidil REPowerEU, ach ar an measúnú bunaidh ar rannchuidiú an RRP leis an gcéad cholún maidir leis an aistriú glas mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 Maidir leis na colúin eile, níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar an bplean arbh é a bhí i gceist leis den chuid is mó freagairt chuimsitheach chuí-chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, agus ar a rannchuidiú iomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.
- (27) Maidir leis an gcéad cholún, rannchuidíonn na bearta sa chaibidil REPowerEU le spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus cuspóir neodracht aeráide an Aontais a bhaint amach faoi 2050, arb é is aidhm dóibh dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite trí bhearta a thabhairt isteach chun nósanna imeachta ceadaithe agus riaracháin a chuíchóiriú. Tá coinne leis go rannchuideoidh gach beart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go mór leis an aistriú glas, agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhfhreagracha.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

- (28) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.2, a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU go héifeachtach le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Rómáin, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, agus moltaí arna ndéanamh de

bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshláin arna sainaitheint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

- (29) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe. Ós rud é go laghdaíodh an leithdháileadh uasta airgeadais don Rómáin mar thoradh ar an uasdátú, ní dhéantar moltaí 2022 agus 2023 nach mbaineann le dúshláin fuinnimh a mheas sa mheasúnú foriomlán.
- (30) I ndiaidh don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastair Eorpach 2023, measann sé gur cuireadh chun feidhme ina iomláine moladh 2020.3.1 maidir le tacaíocht leachtachta don eacnamaíocht a áirithiú, rud a rachaidh chun sochair do ghnólaigh agus do theaghlaigh. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le moladh 2020.2.1 maidir le hathsholáthar ioncaim leordhóthanach a chur ar fáil agus moladh 2019.2.1 maidir le cobhsaíocht airgeadais agus stóinseacht na hearnála baincÉireachta a chosaint.
- (31) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisiónn a chéile agus a chuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Rómáin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe i réimse inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus chóras na bpinsean, i gcúram sláinte, riarachán poiblí, an timpeallacht ghnó, an t-oideachas agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar freisin go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe leis na míchothromaíochtaí atá sa Rómáin a cheartú, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019, 2020 agus 2022, go háirithe maidir le cuntais sheachtracha, atá nasctha le heasnamh mhóra rialtais.
- (32) Ós rud é go bhfuil uailmhian na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe fós á gcoinneáil ar bun ar bhealach suntasach ag an Rómáin, ní athraíonn na modhnuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine an measúnú a rinneadh roimhe seo go bhfuil an plean téarnaimh agus athléimneachta ag rannchuidiú go héifeachtach le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na moltaí tírshonracha uile nó ar fhothacar suntasach díobh. Ina theannta sin, treisiónn an chaibidil REPowerEU uailmhian an phlean maidir leis an gcuid is mó de na moltaí tírshonracha ábhartha i réimse an fhuinnimh (CSRanna 2023.3 agus 2022.3), go háirithe chun spleáchas ar bhreosláí iontaise a laghdú agus chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh.
- (33) Roinnt beart a áirítear i gcaibidil REPowerEU (comhpháirt C16), tá siad dírithe ar an bhfuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid níos tapúla. Áirítear orthu sin athchóirithe C16.R1 — Creat dlíthiúil a chruthú maidir le talamh stáit a úsáid mar limistéir luasghéaraithe le haghaidh infheistíochtaí i bhfoinse fuinnimh inathnuaite — agus C16.R2 — Ionaid ilfhreastail a bhunú chun seirbhísí comhairleacha fuinnimh a sholáthar maidir le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite le haghaidh táirgeoirí is tomhaltóirí — agus infheistíochtaí C16.I2 — Acmhainneachtaí nua le haghaidh giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite, C16.I4 — Scéim Dearbhán Deontais chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite ag teaghlaigh, agus C16.I6 — Treoirthionscadal chun grianphainéil ar snámh 20 MW

a shuiteáil ar chanálacha uiscithe. Thairis sin, athchóiriú C16.R1 — Creat dlíthiúil a chruthú chun talamh stáit a úsáid mar réimsí luasghéaraithe le haghaidh infheistíochtaí i bhFoinse Fuinnimh Inathnuaite — agus infheistíocht C16.I5 — Digitiú, éifeachtúlacht agus nuachóiriú an ghréasáin náisiúnta tarchurtha leictreachais — tá siad dírithe ar fheabhas a chur ar acmhainneacht na heangaí chun go bhféadfar an acmhainneacht nuathógtha a nascadh níos tapúla leis an líonra. Bearta C16.R2 — Ionaid ilfhreastail a bhunú chun seirbhísí comhairleacha fuinnimh a sholáthar le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite do tháirgeoirí is tomhaltóirí, C16.I3 — Borradh a chur faoi éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh poiblí, agus C16.I7 — Scéim Dearbhán Deontais chun feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh ar theaghlaigh — cuidiú le dlús a chur le luas agus uailmhian na n-athchóirithe chun éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh a chur chun cinn. Le tabhairt isteach oifigí athchóirithe faoi C16.R2 — Ionaid ilfhreastail a bhunú chun seirbhísí comhairleacha fuinnimh a sholáthar le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite do tháirgeoirí is tomhaltóirí — tugtar aghaidh go sonrach ar an moladh rochtain níos fearr ar fhaisnéis agus ar roghanna airgeadais inbhuanaithe a sholáthar. Ar deireadh, le hinfheistíocht C16.I1 — Oiliúint le haghaidh scileanna fuinnimh ghlais — rannchuidítear le soláthar agus sealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí is gá don aistriú glas.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

- (34) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le Iarscríbhinn V, critéar 2.3 a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Rómáine a neartú, lena gcuirfear le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.
- (35) Leanann an plan téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, de bheith ag cur leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus d'aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí an gheilleagair i gcomhréir leis an measúnú bunaidh. Cé is moite de na bearta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, meastar go rannchuideoidh bearta sa chaibidil REPowerEU freisin leis an bhfás inbhuanaithe. Is amhlaidh atá, mar shampla, maidir le tacaíocht a thabhairt do scileanna glasa agus maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt.
- (36) Ní dhéanann na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta difear do rannchuidiú an phlean leis an gcomhtháthú sóisialta. Áirítear sa phlean modhnaithe i gcónaí bearta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shóisialta atá ann le fada, lena n-áirítear freagrúlacht agus inrochtaineacht seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, agus rochtain ar sheirbhísí do leanaí i bpobail leochaileacha agus do dhaoine faoi mhíchumas. Meastar go leanfaidh na bearta sin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta de chuidiú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a formhuiníodh ag Cruinniú Mullaigh Porto an 7 Bealtaine 2021 a bhaint amach agus meastar go gcuirfidh siad le feabhas a chur ar leibhéil tháscairí an Scórchláir Shóisialta.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

- (37) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.4 a ghabhann leis, meastar go n-áirítear leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an caibidil REPowerEU nach ndéanfar difear suntasach le haon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ (an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’).
- (38) Déantar measúnú sa phlean modhnaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ de réir na modheolaíochta a leagtar amach i dtreoir theicniúil an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (C(2023) 6454 final). Na hathruithe a tugadh isteach i mbearta trí mhodhnú a dhéanamh ar an bplean, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh don leagan bunaidh den phlean téarnaimh agus athléimneachta, measúnú atá fós mar an gcéanna.
- (39) Maidir leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí modhnaithe agus nua ar fad, rinne an Rómáin measúnú ar gach beart i gcoinne an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’. I gcás inar gá, áirítear coimircí sonracha chun comhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a áirithiú sna garspriocanna agus sna spriocanna ábhartha. Leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag an Rómáin, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áirítear leis an bplean nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.
- (40) Ní thagann aon bheart faoi chaibidil REPowerEU faoi Airteagal 21c(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

- (41) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.
- (42) Meastar go mbeidh tionchar buan ag caibidil REPowerEU na Rómáine ar ídiú breosla iontaise agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus ar ghlacadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú trí borradh a chur faoi shuiteáil acmhainneachtaí nua Foinse Fuinnimh Inathnuaite agus athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear tomhaltóirí fuinnimh atá bocht agus atá leochaileach ó thaobh fuinnimh de. Comhlánaítear é sin le hoifigi ionaid ilfhreastail atá tiomnaithe d’fhaisnéis agus do chúnamh a chur ar fáil do tháirgeoirí is tomhaltóirí. Meastar go rannchuideoidh na bearta sin leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 21c(3), pointí (b), (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2021/241.

⁵ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

- (43) Thairis sin, is é is aidhm do bheart sa chaibidil REPowerEU feabhas a chur ar chothabháil an líonra tarchurtha agus ar an éifeachtúlacht agus an chibearshlándaíl a bhaineann leis, lena n-éascófar nascadh gléasraí nua giniúna leictreachais inathnuaite agus lena n-áiritheofar athléimneacht agus iontaofacht níos fearr an bhonneagair. Meastar go rannchuideoidh sé sin leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 21c(3), pointe (b) agus pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Le scéimeanna dearbhán deontais a thabhairt isteach chun feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh ar theaghlaigh agus chun giniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun úsáide, ar cheart tús áite a thabhairt do theaghlaigh leochaileacha, meastar go rannchuideoidh an tabhairt isteach sin leis an gcuspóir aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh a leagtar síos in Airteagal 21c(3) pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (44) Tá coinne leis freisin go rannchuideoidh caibidil REPowerEU le hathcháiliú luathaithe an lucht saothair i dtreo scileanna glasa, mar a leagtar síos in Airteagal 21c(3) pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241, agus béim á leagan ar scileanna a fhorbairt i dteicneolaíochtaí glana a bhfuil gá leo chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a úsáid.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

- (45) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.
- (46) Cuireann caibidil REPowerEU leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Go háirithe, tacaíonn roinnt beart sa chaibidil REPowerEU le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus le laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh i bhfoirgnimh. Go háirithe, áirítear sa chaibidil athchóiriú lena ndírítear ar shainaithint réimsí luasghéaraithe a éascú, rud a mheastar a chuirfidh borradh faoi ghléasraí nua fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil agus infheistíocht atá dírithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chur in úsáid. Áirítear sa chaibidil freisin athchóiriú chun oifigí ionaid ilfhreastail a bhunú, oifigí a bheidh dírithe ar fhaisnéis agus cúnamh a chur ar fáil do dhaoine príobháideacha maidir le trealamh fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil agus athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh. Comhlánaítear an t-athchóiriú sin le hinfheistíocht atá dírithe ar ghrianfhuinneamh a chur in úsáid ar fhoirgnimh chónaithe agus le dhá infheistíocht chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú sa tír trí athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha faoi seach.
- (47) Costais mheasta na mbeart a áirítear sa chaibidil REPowerEU a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta acu, is é a bheidh iontu 96.5 % de chostais mheasta na caibidle REPowerEU.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

- (48) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.5 a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 44.1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 96.5 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de

Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

- (49) Tagann laghdú beag ar uaillmhian aeráide an phlean mhodhnaithe gan caibidil REPowerEU i gcomparáid leis an bplean bunaidh, agus go príomha is é is cúis leis sin an laghdú ar leibhéal chur chun feidhme riachtanach roinnt beart tar éis an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil don Rómáin, agus is ionann é agus 40.1 % den phlean modhnaithe, i gcomparáid le 41 % don phlean bunaidh.
- (50) Mar sin féin, tá naoi mbeart sa chaibidil REPowerEU arb é is aidhm dóibh dlús a chur le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite, luas na n-athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus athcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa. Dá bhrí sin, rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an athrú aeráide, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, is mó é ná an sprioc íosta aeráide de 37 % mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241. Na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear i gcaibidil REPowerEU, bearta a bhaineann leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, bíonn tionchar marthanach acu toisc go ndírítear leis na bearta ar athruithe struchtúracha chun spleáchas foriomlán na Rómáine ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun coigilteas fuinnimh a mhéadú trí aistriú go teicneolaíochtaí glasa, go háirithe iad siúd a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú tionsclaíoch. Mar thoradh air sin, rannchuidíonn siad freisin le spriocanna 2030-2050 agus leis an guspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (51) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 21.8 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (52) Ní raibh tionchar ag an modhnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an rannchuidiú i dtreo an aistrithe dhigitigh, i ndáil leis na bearta modhnaithe. Leanann an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe de bheith ag rannchuidiú go suntasach leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear tríd an mbonneagar is gá a fhorbairt (nascacht agus néalríomhaireacht a fhorbairt agus cibearshlándáil a fheabhsú) do ghnólaíochtaí agus don riarachán poiblí araon.
- (53) Meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU leis an aistriú digiteach agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin trí athchóiriú amháin agus dhá fho-infheistíocht. Is é is aidhm don athchóiriú tacú, *inter alia*, le digiteáil Ghníomhaireacht na bhFearann Stáit. Is é is aidhm d'fho-infheistíocht amháin réitigh dhigiteacha a sholáthar lena bhfeabhsófar éifeachtúlacht agus luas na n-idirghabhálacha ar an líonra tarchurtha leictreachais chun éradh a laghdú. Is é is aidhm don dara ceann teorainn a chur leis an riosca a bhaineann le cibirionsaithe ar bhonneagar TF oibreoir an líonra tarchurtha leictreachais. I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) de Rialachán (AE) 2021/241, níl athchóirithe ná infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU le cur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean á ríomh chun ceanglas na sprice digití a leagtar síos leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

Tionchar buan

- (54) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.7, a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an Rómáin.
- (55) Ar an iomlán, níl tionchar ábhartha ag na hathruithe a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta maidir le tionchar marthanach na n-athchóirithe chun torthaí fadtéarmacha agus athrú struchtúrach a bhaint amach.
- (56) Déanann an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta freisin infheistíochtaí a choinneáil a bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar marthanach acu, rud a thacóidh le haistriú glas agus an aistriú digiteach an gheilleagair. Tá na bearta digiteacha sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta ceaptha chun leibhéal digiteála na n-institiúidí ábhartha a mhéadú, agus meastar go mbeidh tionchar buan aige sin ar cháilíocht na seirbhísí, ar an timpeallacht ghnó agus ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as sonraí rialtais.
- (57) Ar deireadh, meastar freisin go mbeidh tionchar marthanach ag caibidil REPowerEU na Rómáine agus go múnlóidh sí beartas fuinnimh na Rómáine níos faide ná saolré an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta trí chabhrú le hídiú breosla iontaise agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus le dícharbónú agus glacadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú.

Faireachán agus cur chun feidhme

- (58) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.8 a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.
- (59) Tugtar tuairisc shoiléir sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe ar na socruithe atá i bhfeidhm lena n-áirithítear comhordú agus cur chun feidhme éifeachtach. Coinníonn an Aireacht um Infheistíocht agus Tionscadail Eorpacha a ról mar chomhordaitheoir náisiúnta atá i gceannas ar chur chun feidhme foriomlán an phlean. Ó glacadh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena bhformheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine, threisigh an aireacht cumas riaracháin a struchtúir speisialaithe, trí atheagrú inmheánach agus méadú a dhéanamh ar líon na foirne. Tá an comhordú ardleibhéil á áirithiú i gcónaí ag an gCoiste Idir-aireachta um Chomhordú an phlean, agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an Aireacht um Infheistíocht agus Tionscadail Eorpacha.
- (60) Cé go bhfuil na socruithe cur chun feidhme tosaigh fós i bhfeidhm, áirítear sa chaibidil REPowerEU roinnt comhlachtaí cur chun feidhme nua i dteannta comhlachtaí eile a bhfuil taithí phraiticiúil acu cheana féin ar shainiúlachtaí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, agus é á chur san áireamh, go háirithe uailmhian an phlean, go bhfuil an cur chun feidhme dúshlánach i gcónaí agus nach mór dlúthfhairéachán a dhéanamh air.
- (61) Tá an sásra faireacháin agus tuairiscithe leordhóthanach agus iontaoifa. Leanfaidh an Aireacht um Infheistíocht agus Tionscadail Eorpacha de bheith freagrach as faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhaintear amach maidir le gach garspíoc agus spíoc, agus as tuairisciú ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna bunaithe ar

an bhfaisnéis a chuireann na comhlachtaí cur chun feidhme ar fáil. Áirítear i ngach beart modhnaithe sa phlean agus sa chaibidil bhreise REPowerEU líon leordhóthanach garspriocanna agus spriocanna atá réalaíoch agus sainithe go soiléir chun a áirithiú gur féidir faireachán láidir a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an bplean a chur chun feidhme. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

Costáil

- (62) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hlarscríbhinn V, critéar 2.9 a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha réasúnta agus measartha sochreidte (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta a bhfuil coinne leis.
- (63) Sholáthair an Rómáin costais mheasta aonair le haghaidh gach beart nua sa chaibidil REPowerEU. Cé is moite de na bearta sa chaibidil REPowerEU, níl aon bheart nua ann. Ar an iomlán, na toimhdí arna n-úsáid ag an Rómáin chun meastachán a dhéanamh ar chostais na mbearta nua, tugann siad mínithe réasúnta agus an mhodheolaíocht. An údar a cuireadh ar fáil maidir leis na bearta nua, tá sé meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (Rátáil B), tá sé ag teacht le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. I gcás cuid de na bearta nua, d'fhéadfaí an leibhéal dearbhaithe a mhéadú go bhfuil na costais réasúnta agus sochreidte ach tuilleadh bonn cirt agus faisnéis mhionsonraithe maidir le meastacháin a chur ar fáil. I gcás na meastachán costais sin, ós rud é nach mínítear go leordhóthanach an mhodheolaíocht a úsáideadh agus nach bhfuil an nasc idir an bonn cirt agus an costas féin soiléir uaireanta, is meánach atá an rátáil don chritéar measúnaithe costála. I gcás bearta modhnaithe, cuireadh faisnéis leordhóthanach ar fáil chun údar a thabhairt le comhréireacht na n-athruithe sna meastacháin ar chostais nó sna spriocanna gaolmhara. Níor athraigh an measúnú ar réasúntacht agus inchreidteacht chostais na mbearta, atá modhnaithe anois, ón measúnú tosaigh ar na bearta sin. Tá costas iomlán an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe i gcomhréir leis an tionchar ionchasach eacnamaíoch agus sóisialta a bheidh ag na bearta atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas measta iomlán an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta mhodhnaithe i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach eacnamaíoch agus sóisialta náisiúnta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

- (64) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, is leormhaith (Rátáil A) iad chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar cistiú dubailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais ar bhealach éifeachtach leis na socruithe. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a

bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.

- (65) Thángthas ar chonclúid sa mheasúnú bunaidh maidir le leordhóthanacht na socruithe rialaithe agus iniúchóireachta a mhol an Rómáin (Rátáil A) faoi chritéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, faoi réir chomhlíonadh tráthúil dhá gharspíoc a bhaineann le stórchóras chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta agus glacadh an tsainordaithe dhlíthiúil do phríomhinstiitúidí na Rómáine a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an phlean. Is í an Aireacht Infheistíochta agus Tionscadal Eorpach an fhreagracht fhoriomlán as cur chun feidhme an phlean agus as freagraí thar ceann na gcomhlachtaí cur chun feidhme uile ar ghnéithe oibríochtúla agus riaracháin an phlean. Tá Údarás Iniúchóireachta na Cúirte Cuntas freagrach as iniúchtaí a dhéanamh ar iarratais ar chistí agus ar dhoiciméadú agus comhlíonadh na spriocanna agus na ngarspíocanna.
- (66) Ó rinneadh an measúnú bunaidh, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialaithe na Rómáine. Áirítear leis sin réamhthorthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa Rómáin.
- (67) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine leordhóthanach ar an iomlán.

Comhleanúnachas an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta

- (68) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.11 a ghabhann leis, cuimsítear go mór (Rátáil A) sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.
- (69) Ní dhéanann na modhnuithe difear do chomhleanúnachas foriomlán an phlean. I gcás na bpríomhréimsí uile a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta — an geilleagar glas, an t-oideachas, an timpeallacht ghnó, an tsláinte, an cuimsiú sóisialta, an riarachán poiblí, agus an digiteáil — tá comhpháirteanna bunaithe ar phacáistí comhsheasmhacha d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon, le bearta a threisiú a chéile nó a chomhlánaíonn a chéile. Tá sineirgí ann freisin ar fud na gcomhpháirteanna éagsúla agus ní thagann aon bheart salach ar éifeachtacht birt eile ná ní bhaineann sé an bonn d'éifeachtacht birt eile ach oiread. Tá príomhfhócas Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Rómáine gan athrú, ós rud é go bhfuil an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach fós ina chroílár, áit a gcuirtear borradh faoi na hathchóirithe glasa agus na hinfheistíochtaí a áirítear sna comhchodanna bunaidh Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leis na bearta nua sa chaibidil REPowerEU. Tá athchóirithe agus infheistíochtaí digiteacha fós dírithe ar thacaíocht a thabhairt do réimsí ina bhfuil na bearnaí infheistíochta is mó, cur i gcás digiteáil na seirbhísí poiblí agus na scoileanna. Tá caibidil REPowerEU ag teacht le creat beartais na Rómáine arb é is aidhm dó astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a

⁶ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

mhéadú. Treisíonn na bearta sin iad siúd a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta bunaidh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus neartú an ghréasáin leictreachais toisc go bhfuil sé d'aidhm acu an sciar de tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú.

Comhionannas

- (70) Tá sraith beart fós sa phlean modhnaithe a mheastar a rannchuideoidh le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán na tíre i réimse an chomhionannais inscne agus comhdheiseanna do chách. Sa chaibidil REPowerEU, an beart atá dírithe ar thithe aonteaghlaigh a athchóiriú, tugann sé tús áite d'úinéirí tí a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus tomhaltóirí leochaileacha fuinnimh, agus dá bhrí sin meastar go gcuirfidh sé le comhdheiseanna do gach grúpa den daonra.

An próiseas comhairliúcháin

- (71) Agus caibidil REPowerEU á hullmhú, reáchtáladh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha. Bunaíodh grúpa oibre idir-aireachta chun an plean a ullmhú. Cuireadh an dréacht de chaibidil REPowerEU faoi bhráid an choiste faireacháin Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta ar a bhfuil ionadaithe ó eagraíochtaí rialtais, ionadaithe ó cheardchumainn agus fostóirí, ionadaithe ó chomhlachais riaracháin phoiblí áitiúil (Aontas Náisiúnta Chomhairlí Contae na Rómáine, Comhlachas Bhardais na Rómáine, Comhlachas Bhardais na Rómáine, Comhlachas Chathracha agus Comhlachas na mBardas Rómánach), agus ionadaithe ón gComhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta. Bhí deis acu a dtuairimí a chur in iúl. I mí an Mhárta, eagraíodh comhairliúchán poiblí, agus ócáid phoiblí ina raibh ionadaithe gnó, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara rannpháirteach. Chuir páirtithe leasmhara barúlacha agus tograí chuig Aireacht um Infheistíocht agus Tionscadail Eorpacha. Tar éis na gcomhairliúchán sin, ullmhaíodh dréacht nua den chaibidil.
- (72) Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Measúnú dearfach

- (73) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an Plean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU a leagan amach.

Rannchuidiú airgeadais

- (74) Is é EUR 28 511 575 220 costais mheasta iomlán Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe na Rómáine lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Rómáin, is é ar cheart a bheith san ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i

gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe na Rómáine lena n-áirítear caibidil REPowerEU EUR 12 125 664 294.

- (75) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 8 Meán Fómhair 2023 chuir an Rómáin iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a(1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 2 017 474 050 costais mheasta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Rómáin, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Rómáin cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 1 397 228 597 atá sa mhéid sin.
- (76) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755⁷, chuir an Rómáin iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, is é sin EUR 43 162 623. Ba cheart an tsuim sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha bhreise.
- (77) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán de EUR 13 566 055 514 a bheith ar fáil don Rómáin.

Réamh- mhaoiniú REPowerEU

- (78) D'iarr an Rómáin an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: aistriú EUR 43 162 623 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 1 397 228 597 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (79) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 8 Meán Fómhair 2023 d'iarr an Rómáin réamh-mhaoiniú 20 % den mhaoiniú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Rómáin faoi réir theacht i bhfeidhm, agus de réir, comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Rómáin de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ('an comhaontú maoinithe').
- (80) Cinneadh Cur Chun Feidhme ST 12319/2021 ón gComhairle; Dá bhrí sin, ba cheart ST 12319/2021 ADD 1 an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Rómáine a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ST 12319/2021; Leasaítear ST 12319/2021 ADD 1 mar a leanas:

⁷ Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe na Rómáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. San Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo leagtar amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Rómáin i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta dar luach EUR 13 566 055 514⁸. Áirítear ar an rannchuidiú sin:

- (a) beidh suim EUR 10 211 538 399 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;
- (b) beidh suim EUR 1 914 125 895 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;
- (c) suim EUR 397 228 597⁹, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a);
- (d) suim EUR 43 162 623, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Rómáin i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 1 851 159 668 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear suim EUR 288 078 244 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú sin a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna sin a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.’;

(3) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

⁸ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Rómáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

⁹ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Rómáine de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin.

Airteagal 2
Seolaí

Is chuig an Rómáin a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán